

DEARCADH AN TEANGEOLAÍ AR CHOMHARTHAÍ SÓIRT GHAELGE AN LAE INNIU

BRIAN Ó CATHÁIN

Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Ba mhaith liom tosaí leis an tseancheist úd a bhíonn na Gaeil a chíoradh i gcónaí: cén bhail a bhí – agus atá – ar an teanga Ghaeilge. Ní miste tuairim ghinearálta nó dhó ina taobh seo a scaoileadh amach ar dtús. Seo mar a labhraíonn triúr tráchtairí – scríbhneoir Connachtach, iarollamh Ultach agus iriseoir Muimhneach – faoin gceist. Chuir Dónall Mac Amhlaigh síos faoi chúrsaí na Gaeilge agus é ina dheoraí i Sasana i gcaogaidí an chéid seo caite:

Tá an saol abhus anseo ag déanamh an-dochar do Ghaeilge na ndaoine a bhfuil sí mar ghnáth-theanga acu. Cuir i gcás inniu nuair a chuaigh eiteallán thart, arsa duine de na leads: 'Maise, meas tú sa deabhal céard a choinníos suas í?' 'Óra, power agus speed, a mhac,' a deir Colm Ó Cualláin. Cén bhrí ach go bhféadfadh sé 'neart agus luas', nó a leithéid, a rá chomh réidh céanna leis am mbruscar eile sin. Mar an gcéanna tá 'ringeáil mé suas', nó 'wireáil mé siar' nó 'ag leveleáil concrete' acu agus na céadta eile nach dtig liom cuimhniú orthu anois. Má leantar de sin níl a fhios agam beo céard a tharlós don Ghaeilge ghlán chruinn a bhíodh á labhairt go dtí le fíorghairid. Ach níl a fhios agam an bhfuil na leaganacha truaillithe údan tada níos measa ná cuid de na téarmaí gránna, místuama nua-aoiseacha atá á gceapadh ag lucht na bpáipéar thiar in Éirinn faoi láthair.'

Dearcadh atá ar aon intinn leis seo atá á nochtadh ag Gearóid Stockman:

Ach cad é an rud 'ceart na Gaeilge'? Caint na Gaeltachta? Tá dúshraith mhaith ansin, cinnte, ach tá caint na Gaeltachta ag athrú agus de réir mar atá an Béarla ag éirí níos láidre, tá foirmeacha ag teacht isteach nach gcuireann maise ar bith ar

1. Mac Amhlaigh (1970) 50-1. Díol spéise i gcomhthéacs a bhfuil á rá ag Mac Amhlaigh an úsáid nádúrtha a bhaineann sé féin as 'leads' sa sliocht seo.

DEARCADH AN TEANGEOLAÍ

129

an teanga – *Bhí tú supposáilte bheith anseo ar a trí; Ar enjoyáil tú an match?* Nuair atá dóigh níos dúchasáí lena leithéid a rá – *Bhí tú le bheith anseo ar a trí; Ar bhain tú sult as an chluiche* – ní cóir géillstin dóibh. Mar an gcéanna ag daoine atá dátheangach tá teanga amháin ag gabháil i bhfeidhm ar an cheann eile agus tá Gaeilgeoirí ag tosú ag déanamh aithrise ar struchtúir an Bhéarla: * *Mura dtagann sé go luath imeoidh mé gan é* – *If he doesn't come soon I'll go without him*. Ar chóir a admháil go bhfuil teangacha ag teacht faoi anáil a chéile le saol na bhfear agus a rá gur forbairt nádúrtha atá ann? Sílim gur chóir claí go fóill leis an phrionsabal má tá struchtúr dúchasach ann bain úsáid as.²

Seo i mo dhiaidh tuairim an iriseora Liam Ó Muirthile:

Bhíos ag éisteacht leis an scríbhneoir Pádraig Ua Maoileoin ar Raidió na Gaeltachta an lá cheana ag fógairt meath iomlán na Gaeilge mar urlabhra i measc daoine faoi bhun chúig bliana fichead i gCorca Dhuibhne. Bhí sí glanta léi cheana i bParóiste an Fheirtéaraigh; ní raibh Paróiste Dhún Chaoin thar moladh beirte; agus ní thabharfadh an teanga ach cor na crothóige ón mbás tamall níos sia sna paróistí eile, a dúirt sé. Dúirt Pádraig go raibh na hingne báis faoin dteanga.³

Leanann Ó Muirthile air ina dhiaidh sin:

Ach measaim go bhfuil na saintréithe 'liteartha' a bhíodh i gcaint na Gaeltachta glanta chun siúil go deo. ... Níl i gcaint na Gaeltachta anois ach caint ar nós aon bhéarlagar sráide nó baile tuaithe.

Ní gá dom a rá nach é an dea-scéala atá á fhógairt ag an triúr tráchtairí seo. Is dóigh liom féin, áfach, gur chóir dúinn breathnú ar bhail na Gaeilge labhartha sa lá atá inniu ann ó dhearcadh réalaíoch na sochtheangeolaíochta. Ní mór dúinn a admháil gur mionteanga – nó teanga neamhfhórleathan, más fearr leat an téarma sin – í an Ghaeilge agus gur ag snámh in aghaidh an Bhéarla atá sí mar theanga phobail le ar a laghad dhá chéad bhliain anuas. É seo in

2. Stockman (1996) 7-8.

3. Ó Muirthile, 'An Peann Coitianta' *The Irish Times* 18.01.1996.

ainneoin an tseasaimh oifigiúil dhlíthiúil atá aici i mBunreacht na hÉireann, in ainneoin í a bheith daingnithe i gcóras oideachais na tíre le beagnach ochtó bliain anuas, in ainneoin an tír a bheith ina tír dátheangach, mar dhea.

Is éard a chuir mé romham sa pháipéar seo breathnú ar chomharthaí sóirt Ghaeilge an lae inniu i gcomhthéacs shochtheangeolaíocht na hÉireann sa lá atá inniu ann agus i gcomhthéacs fhorás stairiúil na teanga le beagnach dhá chéad bliain anuas. Chinn mé ar an mbéim a leagan ar an teanga labhartha ach ní mór a rá go bhfeictear go minic rian chomharthaí na teanga labhartha ar theanga scríofa an lae inniu ainneoin na rialacha normacha a leagtar síos di sin – tá sé i gceist agam filleadh ar cheist seo na teanga scríofa nó ceist an noirm arís anonn sa pháipéar.

Sula dtabharfaidh mé faoin gcur síos ar chomharthaí sóirt na teanga labhartha feictear dom nach mór an cheist a chur cé hiad cainteoirí ‘beo’ – nó gníomhacha – na Gaeilge a ndéanfar comharthaí sóirt a gcuid Gaeilge a ríomh anseo? Lena chur ar bhealach eile: céard atá i gceist againn le ‘lucht labhartha na Gaeilge’ sa lá atá inniu ann? Is dóigh liom gur féidir linn a rá go bhfuil cúig nó sé de mhórchatagóirí i gceist:

1. seanchainteoirí – agus gasúir óga réamhscolaíochta – ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad. D’fhéadfadh roinnt acu seo a bheith ina n-aonteangaigh.
2. cainteoirí dúchais Gaeilge ar cainteoirí dátheanagacha iad. Aoiseanna difriúla, áitribh dhifriúla, agus an-réimse dátheangachais i gceist – ón dátheangachas fulangach go dtí an comhdhátheangachas.
3. cainteoirí Gaeilge nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad ach go bhfuil siad tar éis a gcuid féin a dhéanamh den Ghaeilge. Sárliófacht na teanga acu anois – is minic baint ghairimiúil a bheith acu leis an nGaeilge.
4. daltaí scoile atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge / iardhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge.
5. cainteoirí ócáidiúla Gaeilge – daoine a thug an teanga leo go maith ón scoil, atá báúil léi agus atá sásta í a labhairt in amanna.
6. daltaí scoile atá ag foghlaim na teanga faoi láthair mar ghnáthábhar ar scoil.

Ba mhaith liom díriú ar urlabhra cainteoirí áirithe agus ó tharla taithí phearsanta faoi leith agam féin ar Ghaeilge Oileáin Árann –

agus ar Ghaeilge Inis Oírr ach go háirithe – tá mé tar éis roinnt Árannach a roghnú a nglacfar leo mar phríomhfhaisnéiseoirí eiseamláireacha. Dá réir sin freagraíonn an ceathrar seo a leanas do na catagóirí a leagadh síos i gcatagóirí 1. agus 2. thuas – tugtar sonraí pearsanta na ndaoine féin agus luaitear na foinsí a úsáideadh. Shíl mé freisin gurbh fhiú díriú chomh maith ar chatagóir 4. ó tharla fás áirithe a bheith le sonrú i líon na gcainteoirí seo le tamall de bhlianta anuas: freagraíonn na grúpaí a ainmnítear faoi 4. thíos do chatagóir 4. thuas:

1. **MÓC** = Máirtín Ó Conghaile (Máirtín Neile) c.1828-1904, Baile na Craige, Árann.⁴ Foinsí: Pedersen 1897; Pedersen 1909; Pedersen/Munch-Pedersen 1994 (= *SMN* feasta); Bentzen 1994.
2. **SÓF** = Seosamh Ó Flaithearta (Joe Mháirtín) c.1879-1965, Baile an Chaisleáin, Inis Oírr. Foinsí: Dillon 1939; seanscéal dá chuid a insíodh an 08.08.1958 atá ar téip i Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath; Ó Catháin 1995; Becker 1997.
PS = Peadar Seoighe (Peadar Charlie) 1907-1992, Baile an Fhormna, Inis Oírr. Foinsí: ábhar béaloidis a bailíodh ó 1956-1975 agus atá ar fáil i lámhscríbhinní Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; agallaimh neamhfhoirmeálta a taifeadadh 1988-90; Ó Catháin 1990; Becker 1997.
C = cainteoir baineann, (1975-) An Sruthán, Árann. Foinse: agallamh gearr neamhfhoirmeálta a taifeadadh 2000.
4. **BF** = cainteoirí Gaeilge ar de phobal Bhóthar Shaw, Béal Feirste iad – d’fhreastail siad scoil(eanna) lán-Ghaeilge. Iad idir ocht mbliana agus ocht mbliana déag d’aois nuair a rinneadh anailís ar a gcuid cainte idir 1982-6. Tá cainteoirí dúchais de chuid an phobail féin ina measc. Foinsí: Maguire 1991 agus 1992.
BF2 = daltaí bunscoile na seachtú bliana, Bunscoil Phobal Feirste, Béal Feirste. Foinse: Ó Tuama 1990.
BÁC = ábhar neamfhoilsithe a bailíodh 1997 mar thionscadal de chuid Institiúid Teangeolaíochta Éireann. Seisear daltaí – idir

4. Maidir le MÓC deirtear an méid seo ina thabhairt in Pedersen/ Munch-Pedersen (1994) xii: ‘B’ as Árann a mhuintir, agus chaith sé féin a shaol go léir san oileán. Ní móide go ndeachaigh sé ar scoil riamh. Ní raibh léamh ná scríobh aige nuair a casadh Pedersen air ach go háirithe, agus bhí sé ar fhorbheagán Béarla.’

bhuachaillí agus chailíní – as rang a sé i gcúig bhunscoil lán-Ghaeilge i mórcheantar Bhaile Átha Cliath atá i gceist.

Maidir le MÓC agus SÓF ní mór a shoiléiriú gur ábhar scéalaíochta is mó atá i gceist sna foinsí a luaitear leo – mar sin ní mór dúinn cúrsaí réime a chur san áireamh agus muid ag baint leasa as an ábhar a bailíodh uathu: níor ghá gurbh ionann fianaise a bheith againn ón scéalaíocht ar nós áirithe cainte agus a rá go raibh an nós céanna sin le fáil i ngnáthchaint na linne.

Is léir ó shonraí pearsanta na gcainteoirí a tugadh thuas go síneann an t-ábhar Gaeilge atá i gceist againn ón mbliain 2000 siar go c.1830 – tá tréimhse ar thart ar chéad seachtó bliain á scrúdú againn mar sin. Cé nach bhfuil i gceist agamsa san alt seo mar sin ach líon teoranta cainteoirí agus limistéar is léir mar sin féin go raibh – is go bhfuil – formhór mór na bhforás céanna teangan atá le sonrú ar Ghaeilge na gcainteoirí sin, is léir go bhfuil na foráis chéanna le sonrú ar an teanga Ghaeilge áit ar bith sa tír a bhfuil sí á labhairt fós mar theanga bheo. Lena rá ar bhealach eile: tá fianaise scolártha againn a bhaineann le ceantair eile ina labhraíodh/labhraítear an Ghaeilge a thabharfaidh le fios go bhfuil na foráis chéanna le fáil ansiúd chomh maith. Déanfar iarracht tagairt a dhéanamh don fhianaise sin sna fonótaí, ach ní mór dom a rá nár chuir mé romham cuntas iomlán a thabhairt ar fhianaise eile den sórt seo – déanfaidh sí taca dá bhfuil le rá agam féin i dtaobh na teanga.

Ba mhaith liom m'aghaidh a thabhairt anois ar na na comharthaí sóirt a luaitear i dteideal an ailt seo. Tá ceithre bhunréimse teangeolaíochta leagtha amach agam thíos le go mbreathnófar ar na foráis atá le sonrú i gcás na Gaeilge sa tréimhse áirithe ama atá i gceist againn. Seo iad na réimsí a phléifear: an fhóineolaíocht; an deilbhíocht; an chomhréir; an tséimeantaic. Ar ndóigh, ní sheasann na foráis leo féin i gcónaí agus, dá réir sin, breathnófar freisin ar fhoráis áirithe a bhaineann, mar shampla, le dhá réimse de na réimsí seo – pléifear cúrsaí deilbhíochta agus fóineolaíochta i dteannta a chéile thíos mar shampla. Sula dtabharfar faoi na foráis féin ba mhaith liom míniú beag a thabhairt ar na comharthaí agus ar an gcur chuige a úsáidfeair.

Is ionann an comhartha '→' agus 'athraíonn go'. Seasann na nota MÓC, SÓF, PS, C, BF, BÁC do na cainteoirí / na grúpaí a luadh thuas. Tá iarracht déanta agam na samplaí is luaithe de na

foráis a thabhairt sa chás gur fhead mé iad a fháil i gcaint an chainteora is sine atá i gceist .i. i gcaint MÓC. Má aimsíodh an forás céanna ag na cainteoirí eile cuireadh síos nod an chainteora / na gcainteoirí ina dhiaidh sin. Bhain mé úsáid as na comharthaí '-' (lúide) idir lúibíní agus '+' (móide) idir lúibíní lena thaispeáint go ginearálta an go coitianta (+) nó go neamhchoitianta (-) a bhí an forás le fáil i gcaint an chainteora/ na gcainteoirí áirithe. Chomh maith le samplaí luatha a sholáthar rinne mé iarracht samplaí de chaint dhaltá na scoileanna lán-Ghaeilge a thabhairt: tugann sé deis dúinn codarsnacht a dhéanamh ag an dá phointe ama is faide ó chéile i gcomhthéacs an staidéir seo. Ar an mbealach sin tá súil agam go mbeidh sé ar ár gcumas tabhairt faoi cheist fhíorphráinneach a bhaineann leis an nGaeilge .i. ceist na pleanála teanga. Déanfar mionphlé ar an gceist seo sa dara cuid den alt seo.

Cúrsaí fóineolaíochta:

- (i) $L' \rightarrow I' \rightarrow l$; $N' \rightarrow n' \rightarrow n$ – SÓF(-), PS, C, BF(+), BÁC(+).⁵
- (ii) $r \rightarrow 'r'$ aishfillteach an Bhéarla – SÓF(-), PS, C(+), BÁC(+).
- (iii) Consain chaola \rightarrow consain leathana – m.sh. #tr' / #dr' \rightarrow #tr / #dr; s' \rightarrow s; t' \rightarrow t; r' \rightarrow r – m.sh. 'teagai' / 'tagai' (MÓC, SMN 16). MÓC(-), SÓF(-), PS(-), C, BF(+), BÁC(+).
- (iv) Srónaíl \rightarrow srónaíl ar ceal – SÓF(+), PS(+), C(+), BÁC(+).⁶
- (v) tr na Gaeilge \rightarrow 'tr-' an Bhéarla – PS, BÁC(+).⁷

5. Is deacair cuntas cruinn a thabhairt ar na foráis seo i gcás chaint MÓC ó tharla go mbaineann roinnt deacrachtaí le tras-scríobh Holger Pedersen i dtaca le cáilíocht na gconsan – féach Pedersen/ Munch-Pedersen (1994) xlvii-li. Is léir, áfach, go raibh na fuaimeanna seo go léir ag MÓC – féach m.sh. Pedersen (1897) 20-24. Maidir le hathruithe i gcóras na gconsan sondach i gcaint de chanúintí Chúige Ultadh deir Ó Baoill (1996) 35: 'The four way contrast among the 'l' and 'n' phonemes is generally maintained by all age groups, although certain tendencies are noticeable in the speech of those born after 1960.'

6. Maidir le MÓC is léir go raibh an tsrónaíl aige go soiléir. Deir Holger Pedersen (m.sh. Bentzen (1994) 199-200) go raibh srónaíl ar an nguta a bhí le hais 'mh' ag MÓC ach nach raibh a leithéid ag cainteoirí a bhí níos óige ná é. Tugann Pedersen le fios freisin gur cosúil go raibh an tsrónaíl ag imeacht as an tráth sin – 1895-6: 'Im Arrandialekt ist die Nasalierung wohl im Begriff aufgegeben zu werden; Finck erwähnt ihrer überhaupt nicht. In der Aussprache meines Hauptgewährmannes [= MÓC] war sie jedoch noch sehr deutlich, ...' Pedersen (1909) 386.

7. Is éard atá i gceist agam leis seo go bhfuaimnítear 'tr' leathan i bhfocail cosúil le 'trá' agus 't' ailbhealach an Bhéarla agus 'r' aishfillteach an Bhéarla ann. Tá an nós seo cloiste agam ag go leor cainteoirí – idir shean agus óg – in Inis Oírr agus i mbaill eile. Cé gur dóigh liom go bhfuil baint ag cúrsaí dátheangachais leis seo ní mór a aithint go bhfaightear foráis nádúrtha i nGaeilge an Iarthair a d'fhéadfadh tacú leis an bhforás áirithe seo chomh maith: tr/ dr \rightarrow tr/ dr i suíomhanna faoi leith – féach de Bhaldraithe (1975³) 36-7.

- (vi) *t' / d' → 'ch' / 'j'* an Bhéarla – SÓF(-). PS, BF(+), BÁC(+).⁸
 (vii) *x / y → k / g – C(-), BF, BÁC.*

Cúrsaí deilbhíochta:

- (i) An tuiseal ginideach uatha agus iolra gan a bheith sonraithe san infhilleadh: 'faighim baladh an Éireannach bhréagach bhradach' (MÓC, SMN 88), 'a chuid beithígh' (MÓC, SMN 74), '[ar] chúl an chráin' (MÓC, SMN 223) – MÓC, SÓF, PS(+), C(+), BF(+), BÁC(+).
 (ii) An tuiseal tabharthach uatha gan a bheith sonraithe san infhilleadh: 'rug sé ar an gcloch' (MÓC, SMN 95) – MÓC, SÓF, PS(+), BÁC(+).
 (iii) Bunfhoirm⁹ nua i gcás ainmfhocal baininsneach uatha – buntuiséal a shíolraíonn go stairiúil ón áinsíoch / tabharthach uatha: 'Tóig do roghain acab sin' (MÓC, SMN 30) – SÓF(+), PS(+).
 (iv) An tuiseal gairmeach uatha agus iolra gan a bheith sonraithe san infhilleadh: 'Á, a ghaiscíoch' (MÓC, SMN 28), ach cf. 'a chailligh ghránna shalach' (MÓC, SMN 86)¹⁰ < 'cailligh' (MÓC, SMN 123-4) foirm an tabharthaigh uatha, agus 'a chailleach' (MÓC, SMN 236) – MÓC(-), SÓF, PS, C, BF(+), BÁC(+).
 (v) Úsáid *-áil / -áilte* in iasachtaí Béarla: *actáil, betáil, béideáil, closeáil, condemnáilte, cookáil, cryáil, diveáil, flyáil* (= aimsir chaite, SMN 144), *féaráilte* (SMN 70), *fouláilte, freeáilte, joináil, meetáil, playáil, reportáil, scratcháil, setáilte, sinkáil, siúráilte* (SMN 150), *stagláil, startáil, swingáil, traenáilte* (SMN 251), *transportáil, waterlogáilte*¹¹ – MÓC, SÓF, PS, BÁC(-).

8. Tréith shuntasach de Ghaeilge Oileáin Árann an lae inniu is ea an t-aifricéadú a dhéantar in amanna ar *t' / d' – féach tfe* ('te') seachas *t'e*. Is deacair a rá go cinnte an as féin nó an de bharr an dátheangachais a tháinig an forás áirithe seo chun cinn. Tá a leithéid d'fhorás le sonrú i gcanúintí eile de chuid na Nua-Ghaeilge, ar ndóigh, féach m.sh. Wagner (1959) 10.

9. Is ionann 'bunfhoirm' agus 'common form' – téarma a mhínítear in *The Christian Brothers* (1980) 10.

10. Faightear infhilleadh ainmfhocal baininsneach sa tuiseal gairmeach ar analóg ainmfhocal firinsneach i gcanúintí eile de chuid na Nua-Ghaeilge – féach O'Rahilly (1921-3). Tá mé buíoch den Dr. Meidhbhín Ní Úrdail as an alt seo a mheabhú dom.

11. Gach sampla acu seo is ag MÓC a bhíodar. Na cinn nach ngabhann tagairt leo tá siad le fáil in Pedersen/Munch-Pedersen (1994) 350. Tá sampla den fhorás áirithe seo le fáil chomh fada siar leis an séú haois déag – féach Ó Cúfv (1980) áit a dtugtar mionchuntas air.

- (vi) *Lagiolraí → tréaniolraí: 'bacaigh' / 'bacacha[f]* (MÓC SMN 79),¹² *'chuile bhreitheamh' / 'breitheamhanna[f]* (MÓC, SMN 201) – MÓC, SÓF, PS, BF2.
 (vii) *Forainmneacha pearsanta baininsneacha → forainmneacha pearsanta firinsneacha: 'An tríú cois, leag sé uirthi é'* (MÓC, SMN 140), *'Sé an Fraincis an teanga is fearr leis na múinteoirí'* (BF) – MÓC, SÓF, PS, C, BF, BÁC.
 (viii) *An modh foshuiteach láithreach / caite → an aimsir fháistineach / an modh coinníollach – SÓF, PS.*
 (ix) *An aimsir ghnáthchaite → an modh coinníollach – BF(+).*
 (x) *An briathar saor → an briathar substainteach + an aidiacht bhriathartha: BÁC.*
 (xi) *An dara réimniú den bhriathar → an chéad réimniú den bhriathar: 'maraigí' (MÓC, SMN 64), 'ná corraigí' (MÓC, SMN 141), 'd'imeadar' (SÓF)¹³ – MÓC, SÓF, PS, C.*
 (xii) *Foirmeacha táite an bhriathair → foirmeacha scartha an bhriathair: 'bíodh siad sin á mbruith amáireach agat' (MÓC, SMN 253). 'Níor chuir mise aon bheithíoch le seacht mbliana ansin, insa bpáirc sin, ó tháinig siad sin ann. Níl aon oíche ag an haon a chlog san oíche uair a chuireadh siad sin in éineacht trí bhéic astab nach gcrátheadh siad cheithre ranna an domhain' (MÓC, SMN 76). 'Thosaigh siad ag cur orthab chomh sciobtha agus d'fhéadadar' (MÓC, SMN 64) – MÓC, SÓF(-), PS, C, BF, BÁC. Tá foirmeacha measctha ag BF freisin: 'feicim mé', rachfá tú'.*
 (xiii) *An forainm nua dar: 'tádar', 'chonaicdar' (SÓF) – SÓF(-), PS, C(++).¹⁴*
 (xiv) *Nuafoirmeacha táite an bhriathair¹⁵ – 'táir' (MÓC, SMN 146, 159), "'Go tuige," a deir sé, "nach rabhair?"' (MÓC,*

12. Modh eagarthóireachta an fhir eagair is cúis leis an deireadh 't' a bheith ar lár in 'bacachaí' – féach Pedersen/Munch-Pedersen (1994) liv. Samplaí spéisiúla den fhorás céanna is ea foirmeacha iolra an fhocail 'fathach' a fhaightear ag MÓC: 'fathaigh', 'fathachain' – focal a deir an fear eagair nár thuig sé féin, ach is dóigh liom féin gur foirm iolra é ar analach 'lacha' → 'lachain' – (SMN 76), agus 'fathachaí[í].'

13. Léamh eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bhfoirm 'd'imeadar' is ea gur shíolraigh sí ó 'd'imigh' + 'dar' – forainm nua a phléitear thíos.

14. Féach an sampla fionspeisiúil 'faoidar' – in áit 'fúthu' – ag Val Ó Donnchadha, Cill Chiaráin, Conamara (Becker (1997) 165) a léiríonn bisiúlacht an fhorainm *dar* agus é imithe as catagóir an bhriathair isteach go catagóir an fhorainm réamhfhoclai. Glacaim buíochas leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn a luaigh an sampla seo liom.

15. Tá cló iodálach buailte agamsa ar dheirí na nuafoirmeacha táite.

- SMN* 125), 'má chonaicir' (MÓC, *SMN* 132), 'Ó, náirir' (MÓC, *SMN* 244) – cf. 'féadfair' (MÓC, *SMN* 132), 'saothróir' (MÓC, *SMN* 256). 'Tás' / 'Táim'¹⁶ (SÓF).
- (xv) Briathra neamhrialta → briathra rialta: 'ní rinne tú' (MÓC, *SMN* 155) 'ní gheobhaidh tú' (MÓC, *SMN* 35) 'beireadh' (SÓF) – MÓC, SÓF, PS.¹⁷
- (xvi) Aimsir fháistineach na mbriathra neamhrialta → aimsir láithreach nua na mbriathra neamhrialta: 'ní gheobhaim' (C), 'rachann' / 'tabhrann' / 'gheobhann' / 'tiocann' (BF) – C, BF(+).
- (xvii) An chopail ag géilleadh don bhriathar substainteach: 'níl dochar ar bith dhomsa inseacht duit cé mise' (MÓC, *SMN* 16). 'Níl maith ar bith dhom' (SÓF) – MÓC(-), SÓF(-), BF(+), BÁC(+).¹⁸

Cúrsaí fóineolaíochta agus deilbhíochta i dteannta a chéile:

- (i) Séimhiú ar ceal: 't[h]riomaíodar' (MÓC, *SMN* 86), 'aon g[h]éagán' (MÓC, *SMN* 90) – MÓC(-), SÓF(-), PS(-), BF(+), BÁC(+).¹⁹
- (ii) Urú ar ceal – SÓF(-), PS(-), C, BF, BÁC.
- (iii) Na réamhlitreacha 'h' agus 't' ar ceal – C, BF, BÁC.
- (iv) Séimhiú (seachas athrú cuí tosaigh a úsáid) á bhuanú: 'D'fhág sé ina sheasamh ar an mbóthar iad' (MÓC, *SMN* 73) – MÓC(-), BF, BÁC.²⁰
- (v) Míreanna briathartha na haimsire caite → míreanna briathartha na n-aimsirí eile: 'uair nach ith tú an bia' (MÓC,

16. Foirm an fhreagra a bhí sa dá shampla seo. Glacaimse leis gurb éard atá sa chéad sampla an deireadh -as a fhaightear go stairiúil sa chéad phearsa uatha, aimsir chaite, ag dul isteach sa chéad phearsa uatha, aimsir láithreach.

17. Féach 'rugais' / 'bheireas', 'rugais' / 'bheiris' i nGaeilge Chorca Dhuibhne (Ó Sé (1995) 49-50).

18. Tugtar cuntas ar imeacht as na copail i nGaeilge Chúige Uladh in Ó Siadhail (1983).

19. Díol spéise é neamhséimhiú an chonsain 'f' – féach m.sh. 'an chailleach mhór mhillteach féasógach' (MÓC, *SMN* 38-9); 'coill mhór mhillteach fairsing' (SÓF). Tá nós seo an neamhséimhithe le fáil go coitianta sa teanga bheo, agus go deimhin táthar á aithint anois i gcásanna áirithe sa teanga scríofa – féach *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1999) 25. Féach freisin Ó Murchú (1998) 22: 'Corruair cloistear aidiacht gan séimhiú ar lorg ainmfhocail bhaininscigh: *Gaeilge maith, roinnt maith, timpiste mór* (samplaí ó Charna).'

20. Breathnaigh Lúcas (1986) [iii]: '... ní miste a lua anseo ... (ii) go bhfuil leaganacha mar *ina* + séimhiú ar ainmfhocail á n-úsáid le gach pearsa, e.g. *Tá sí ina shuí, cha rabh mé ach ina ghasúr ag an am, ...*'

SMN lii); 'gurb é an chaoi a bádh í' (MÓC, *SMN* 198) – MÓC; SÓF, PS, C(+), BF, BÁC.²¹

Cúrsaí comhréire:

- (i) An réamhfhocail 'do' + aidiacht shealbhach + ainm briathartha → an réamhfhocail 'ag' + ainm briathartha + forainm pearsanta: 'ag bualadh mé' (BF) – BF(+), BÁC(+).²²
- (ii) Réamhfhocail comhshuite agus aidiacht shealbhach ina lár → réamhfhocail comhshuite + forainm pearsanta ina dhiaidh: 'ar cúl iad' / 'i mbun é' (BF) – BF, BÁC.²³
- (iii) An réamhfhocail 'a' (+ séimhiú) + ainm briathartha → an réamhfhocail 'ag' + ainm briathartha: 'céard tá tú a[g] diona[mh]' (SÓF, Dillon (1939) 12); SÓF(-), PS(+), BÁC(++).
- (iv) An clásal coibhneasta neamhdhíreach → an clásal coibhneasta díreach: 'Bhí cráin mhúice ag an duine uasal agus í i ngar do bhainbh, agus sé an áit a raibh an teachín [a] bhí an chráin ann greamaithe den stábla a raibh na fir seo ag tabhairt aire do na bulláin faitíos [go] ngoidfeadh Liam Beag iad' ... 'taobh amuigh de d[h]oras an teach a raibh an chráin ann' (MÓC, *SMN* 222). "'Cá bhfios nach é an scilléad [a] bhfuil na saighdiúirí ann [a] thóigfinn an clár de?'" (MÓC, *SMN* 249); 'cén chaoi a bhainfidh mé an bhean den amadán' (MÓC, *SMN* 32) – MÓC, SÓF(-), PS, C, BF, BÁC.²⁴
- (v) An briathar substainteach + ainmfhocail/ forainm + 'á' (+ athrú cuí tosaigh) + ainm briathartha → an briathar substainteach + ainmfhocail/ forainm + 'á' (+ séimhiú) + ainm briathartha: 'obair mhaith á dhéanamh againn' (PS) – SÓF(-), PS(-).²⁵

21. D'fhéadfadh imeacht as an chonsain r i míreanna briathartha srl. lámh a imirt san fhorás seo chomh maith.

22. Féach Maguire (1991) 214, áfach: 'One or two older members showed a preference for the conservative structure ... "á nglanadh"'. Tuairiscíonn Ó Siadhail – (1979) 145 – an struchtúr 'ag goil + ainm briathartha + cupóir forainmneach' a bheith i nGaeilge Chúige Uladh.

23. An forás céanna le sonrú i nGaeilge Chonamara i gcás réamhfhocail áirithe comhshuite – féach Ó Murchú (1998) 35-6.

24. Féach freisin a nialairt d'fhorás (coibhneasta díreach → coibhneasta neamhdhíreach) a fhaightear ag BF agus ag BÁC: 'nuair a raibh muid i rang a sé' (BF).

25. Tá an forás céanna le fáil go coitianta i nGaeilge Chorca Dhuibhne agus in áiteanna eile i gCúige Mumhan – féach Ua Súilleabháin (1994) 524-5. Díol suntais é gurbh as Inis Oírr don bheirt a bhfuarthas an forás seo acu. Baineann roinnt tréithe de Ghaeilge Inis Oírr le Gaeilge na Mumhan seachas le Gaeilge Chonnacht, ar ndóigh.

- (vi) An aidiacht shealbhach + ainmfhocal → (an aidiacht shealbhach) + ainmfhocal + forainm pearsanta/ (an t-alt) + ainmfhocal + 's' (< 'seo') + forainm réamhfhoclach ón réamhfhocal 'ag': 'agus sé a ainm eisean a bhí leis an airgead' (MÓC SMN 66); 'hata s'aige' / 'mada s'aici' / 'mála s'acu' (BF) – MÓC, SÓF, PS, C, BF.

Cúrsaí séimeantaice:

- (i) Focal Béarla agus focal Gaeilge ina dhiaidh: 'fire mór tine' (MÓC, SMN 141); 'caitheadh ball, liathróid isteach' (MÓC, SMN 123); 'tosaíonn sé á scratcháil, chuimilt, den bhalla' (MÓC, SMN 133); 'ná an oiread family daoine cruinnithe' (MÓC, SMN 43), ach cf. 'agus family mór de mhuintir an léidí' (MÓC, SMN 187).²⁶
- (ii) Focail Bhéarla → focail Ghaeilge agus Gaelú áirithe orthu: 'an mhídwife' (MÓC, SMN 190); 'an fear eile a transportáil' (MÓC, SMN 202); "[An] mbeáilfeá ...?" "Mbeáilfead" (MÓC, SMN 207) – MÓC, SÓF, PS.
- (iii) Focail Bhéarla → focail Ghaeilge gan Gaelú a bheith i gceist mórán: 'agus le neart an character [a] bhí acab air, níor crochadh é, ach transportáileadh é for life' (MÓC, SMN 201-2); 'tainc' (< thank you?) (MÓC, SMN 57; 150-1); 'cic sé mé' (BF), 'knocked mé é out' (BF); MÓC, SÓF, PS, BF(+), BÁC(+).
- (iv) Cora cainte na Gaeilge → cora cainte an Bhéarla: 'Chuaigh mé amach le láimh a thabhairt dhóibh' (PS, Becker (1997) 103), ach cf. 'An bhféadfá cabhair ar bith a dhéanamh orm?' (PS, Becker (1997) 224); 'nuair a fuair sí go [dtf] an ionad siopadóireachta' (BÁC) in áit 'nuair a bhain sí an t-ionad siopadóireachta amach'; 'tá sé difríocht' (C)²⁷; 'trip mé suas' (BF) in áit 'baineadh tuisle asam'; 'tá sé sin suas

26. Samplaí suimiúla iad na samplaí a thugtar anseo ina dtugtar leagan Gaeilge focail áirithe i ndiaidh an leagain Bhéarla. Is dóigh liom féin go gcuireann sé seo treise áirithe leis an gcaint, sin, nó is léiriú é ar chúrsaí réime – MÓC á 'cheartú' féin agus Danmhargach ollaimh ag breacadh síos a chuid scéalafochta. Is suntasach an rud é nach bhfuarthas an nós seo ag na cainteoirí eile atá i gceist sa staidéar seo.

27. Tá an leagan cainte seo sách coitianta i nGaeilge Oileáin Árann. Glacaimse leis nach sampla é de ghéilleadh na copaille don bhriathar substainteach ach gurb éard atá ann an t-ainmfhocal 'difríocht' á oibriú mar aidiacht .i. 'difríocht' in áit 'difriúil'. Pé ar bith cúis atá leis is léiriú é, dar liomsa, ar an maolú atá tar éis/ ag teacht ar úsáid na gcor cainte Gaeilge, 'ní hionann é' sa chás áirithe seo.

- duit féin'²⁸ in áit '(is) fútsa atá sé' – PS(-), C, BF(+), BÁC(+).
- (v) Cumas 'cruthaitheach' Gaeilge → iasacht/ lomaistriúchán ón mBéarla: 'comrádaí mná' (MÓC, SMN 101) vs. 'girlfriend' / 'páirtnéir'; 'bhí orm fáil suas ar a hocht' (BF) in áit 'bhí orm éirí ar a hocht'.²⁹
- (vi) An nuathearmaíocht á múnú: 'bialán' in áit 'bialann' (C).³⁰

Ba mhaith liom anois tabhairt faoin gcéad mhír a luaitear i dteideal an ailt seo .i. an dearcadh atá agamsa mar theangeolaí ar na foráis atá ríofa againn. Ar an gcéad dul síos caithfear a rá go léiríonn siad uilig buntréith amháin a bhaineann le gach uile theanga bheo .i. go mbíonn gach uile theanga bheo ag síorathrú de réir mar a athraíonn an tsochaí ina labhraítear an teanga. An dara rud atá le rá agam is ea go léiríonn siad nach foráis fhíornua amach is amach iad cuid mhaith de na foráis a fhaightear in 'idirtheanga' dhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge – tá feicthe againn chomh maith go bhfuil fianaise ar na foráis chéanna le fáil, cuirim i gcás, i gcaint an aon-teangaigh breis agus céad go leith bliain ó shin. An tríú rud atá le rá: formhór na bhforás atá i gceist ní foráis iad atá tar éis teacht chun cinn le céad go leith bliain anuas. Ní gá dúinn ach breathnú ar shampla nó dhó as réimse na deilbhíochta le gur féidir linn a rá nach foráis dhéanacha cuid mhaith de na foráis atá tugtha thuas agam. Má dhíríonn muid aird ar fhorás amháin de na foráis úd .i. ar na lagiolraí caolaithe a bheith ag géilleadh do na tréaniolraí, is léir gur féidir linn a rá gur forás é seo a shíneann siar na céadta bliain i stair na Gaeilge. Ní gá ach breathnú ar iolra an fhocail 'sliabh' mar shampla air seo: 'Slébe' a bhí sa tSean-Ghaeilge, ach ansin le himeacht aimsire cruthaíodh iolraí nua eile – 'sliaba' agus 'sléibte'

28. Is cóstuil gur le teann grinn a tugadh isteach leaganacha den sórt seo an chéad lá riamh agus go ndearnadh daingniú sa chaint orthu ina dhiaidh sin – breathnaigh de Bhaldráithe (1993) 27. Sampla eile de seo, b'fhéidir, is ea an leagan Connachtach 'tá sé togha'.

29. Féach freisin, mar shampla, an difear cumais a léirítear – agus friotal á chur ar an dá choincheap 'escalator' agus 'sexual assault' – sa dá leagan seo: 'staighre beo' vs. 'ionsaí gnéis'.

30. Samplaí eile a bhaineann le canúintí eile de chuid na Nua-Ghaeilge is ea: 'tógra' < 'togra'; 'monarchán' < 'monarchain'; 'túismitheoir' < 'tuismitheoir' – féach Stockman (1996) 72-73. Díol spéise sa chomhthéacs seo is ea an leisce a bhíonn ar chainteoirí áirithe an nuathearma a chur i bhfeiliúint do chóras fóineolafochta na Gaeilge: is minic, mar shampla, baill áirithe d'fhoireann Raidió na Gaeltachta ag rá t'UNXOR ('tionchar'), áit a mbeifí ag súil le t'UNXOR.

– agus glacadh leo sa teanga scríofa. Arís eile is léir nach inniu ná inné a thosaigh forás na bhfoirmeacha scartha i gcóras briathartha na Gaeilge. Téann tús an fhoráis seo chomh fada siar leis an dara haois déag.

Is mór is fiú breathnú ar phróiséis caighdeánaithe na dtréithe áirithe seo. Maidir le ceist na lagiolraí a chaolaítear agus na dtréaniolraí tá an méid seo ráite i sainleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil – *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge* – (GGLG) as seo amach – (1958) ix:

Sa Chéad Díochlaonadh bhí rogha le déanamh idir an t-iolra caolaithe agus an tréaniolra a fhaightear in áiteanna ag roinnt ainmfhocal, e.g. *boinn, bonnaí, bonnúchaí; capaill, caiple, capaillí; cuntas, cuntaisí, cuntasáí; páipéir, páipéirí; tairbh, taraí*. De ghrá na rialtacha agus ós é an nós is forleithne é, agus is fearr a réitíonn le gnás na litriúchá, socraíodh ar an iolra caol.

Ní mór an cheist a chur an é an nós is forleithne fós é agus murab é, an bhfuil sé in am nós na dtréaniolraí a cheadú chomh maith – nó ar a laghad i gcásanna áirithe?³¹ Is fiú suntas a thabhairt don phlé a rinneadh ar an gceist seo sa chéad dréacht de phróiséis caighdeánaithe dheilbhíocht na Gaeilge, mar atá, *Gramadach na Gaeilge: Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin* – (GGRA feasta) – (1953) áit a ndeirtear (lch. vi):

Moladh dúinn iarracht a dhéanamh ar an gCéad Díochlaonadh a réiteach ar chuma a thabharfadh gur iolraí ‘tréana’ ar fad a bheadh ann, ... Tar éis liostaí d’ainmfhocail a chur le chéile agus a scrúdú, ámh, do haontaíodh nach bhféadfaí glacadh leis an moladh sin toisc go dtiocfadh de gur leagain ‘nuacheaptha’ den iolra a bheadh ag gabháil le bunáite na n-ainmfhocal sa gCéad Díochlaonadh.

Níor mhiste tagairt a dhéanamh ag an bpointe seo dá dheacra is a bhíonn sé ar chainteoirí dúchais na Gaeilge, ach go háirithe,

31. Foilsíodh GGLG sa bhliain 1958. Glacaim leis dá réir sin nach raibh fáil ag lucht a scríofa ar an eolas maidir le minicíocht, deilbhíocht agus comhréir an ainmfhocail srl. a cuireadh ar fáil in *Buntús Gaeilge: Réamhthuarascáil ar Thaighde Teangeolaíochta ...* (Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath) a foilsíodh i 1966. Níor mhór leas a bhaint as a bhfuil d’eolas sa leabhar sin – agus as corpais eile Ghaeilge a bailíodh ó shin, ar ndóigh – agus leasaithe caighdeáin i gceist.

rialacha seo na lagiolraí a chur i bhfeidhm sa teanga scríofa, go mórmhór nuair nach réitíonn siad lena ndéarfaidís go nádúrtha sa teanga labhartha.³²

Maidir leis an gceist eile a luadh thuas, ceist úsáid na bhfoirmeacha táite is scartha i gcás na mbriathra, is fíorspéisiúil an rud é moltaí caighdeáin GGRA agus GGLG a chur i gcomórtas a chéile: tugann GGRA 23-9 an-lear roghanna úsáide i dtaobh na bhfoirmeacha scartha. Féach, mar shampla, na samplaí seo a leanas:

A.L.: *líonaim / líonann mé; líonaimid / líonann muid;*

A.Ch.: *líonais / líon tú; líonamar / líon muid;*

A.Ghch. / M.C.: *líon(f)ainn / líon(f)adh mé; líon(f)aimis / líon(f)adh muid; líon(f)aidís / líon(f)adh siad;*

A.Fh.: *líonfad / líonfaidh mé / líonfair / líonfaidh tú;*

M.Fosh.: *líonad/ líona mé/ líonaid/ líona siad.*

Is sa Mh.Ord. amháin nach gceadaítear foirm scartha mar mhalairt ar an bhfoirm tháite – agus fiú sa chás seo ceadaítear an fhoirm scartha sa 3 p. iol. Ag deireadh GGRA (GGRA 43) réimnítear briathar samplach lena thaispeáint cén ‘nós is gnáth a leanúint sa Rannóg [Rannóg an Aistriúcháin] maidir leis na foirmeacha táite agus na foirmeacha scartha’. Is éard atá sa chuntas seo an córas a moladh – a bheag nó a mhór – in GGLG sa bhliain 1958. Deirtear in GGLG x:

Bhíothas sásta tríd is tríd leis an rogha a moladh cheana idir na foirmeacha táite agus na foirmeacha scartha agus measadh gurbh fhearr iad a fhágáil mar sin.

Ní léir ar ráiteas maol seo Rannóg an Aistriúcháin cén rogha go díreach atá i gceist: is cosúil gurb éard a bhí i gceist nós cúngaithe na Rannóige féin i leith na bhfoirmeacha táite agus scartha (GGRA 43) seachas an nós uileghabhálach a leagadh amach ar dtús.

32. Breathnaigh an léiriú – 6 léargas an ghasúir, ar ndóigh – ar chóras insealbaithe iolra an ainmfhocail i nGaeilge an Árainnaigh óig a fhaightear sna hiolraí ‘fear-achar’ agus ‘beanachar’ (Ó Direáin (1971³) 12; 45-7).

Tá muid ag plé le ceist eile anseo: fadhb neamhréiteach na teanga labhartha leis an teanga scríofa – agus impleachtaí na faidhbe céanna .i. an ceart an teanga scríofa a leasú i dtreo na teanga labhartha? Aithnítear go ginearálta go mbíonn nósanna na teanga scríofa chun deiridh ar nósanna na teanga labhartha – féach, mar shampla, ‘I did’ agus ‘I done’ i mBéarla na hÉireann. Tá an dá fhoirm le fáil go coitianta sa teanga labhartha le fada an lá, ach tá cosc iomlán ar ‘I done’ sa teanga scríofa. Ní mór domsa a rá mar theangeolaí gur cheart comhfhoirmeacha áirithe a cheadú go hoifigiúil sa Ghaeilge nuair is comhfhoirmeacha iad a thabharfadh stádas do thréithe cainte atá bunaithe sa teanga le tamall maith. Níl aon cheist ach go bhfuil rudaí áirithe ann sa Chaighdeán Oifigiúil mar atá faoi láthair nach dtagann le chéile ar chor ar bith – abair an riail a mholann gur cheart séimhiú **ambáin** a chur tar éis ‘sa’ .i. cumasc an réamhfhocail ‘i’ agus an ailt. Níl ciall ar bith leis an riail seo ó tharla go gceadaíonn an Caighdeán Oifigiúil – agus an-cheart aige – séimhiú nó urú i gcás ‘ar an / leis an / faoin’ srl. Tá géarghá le hathbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil maidir le ceist seo na gcomhfhoirmeacha. Cuirim i gcás, má ceadaíodh neamhinfhilleadh an ainmfhocail i gcásanna áirithe sa Chaighdeán Oifigiúil i 1958 – féach *GGLG* (i) 93-6 (= neamhinfhilleadh an ghinidigh); (ii) ix, 10 (= rogha maidir le hinfhilleadh an tabharthaigh); (iii) 5 (= neamhinfhilleadh an ghairmigh) – má ceadaíodh iad seo i bhfianaise na bhforás a bhí le sonrú i gcás na teanga labhartha an tráth úd, cé déarfadh nár chóir breathnú in athuair ar cheist an Chaighdeáin i bhfianaise na bhforás atá le sonrú le leathchéad bliain anuas nó mar sin. Go deimhin, tá cuid den athbhreithniú seo tosaithe cheana féin: ní gá, mar shampla, ach ráiteas *GGLG* x i leith na n-uimhreacha a chur i gcomparáid leis an gcuntas ar an ábhar céanna a thugtar sa leabhar teagaisc *Urchúrsa Gaeilge* (1992, i-ii; 116-8) le go bhfeicfear go bhfuil nós na teanga labhartha á chur san áireamh:

*‘Ní bhfuarthas údarás ar bith do leaganacha ar nós “fiche a dó fear” ná ní mheastar gá ná riachtanas a bheith leo.’*³³

*‘Leaganacha atá ag fás sa teanga: Fiche (is) a sé capall/ Fiche (is) a sé capall bán’.*³⁴

33. *GGLG* x – tá an cló iodálach sa leabhar féin.

34. Ó Baoill/ Ó Tuathail (1992) 117.

Gné eile mhíshásúil de scéal seo an Chaighdeáin is ea nach bhfuil leabhair thagartha an Chaighdeáin féin ar aon fhocal maidir le gnéithe áirithe de .i. ní réitíonn cuntais *GGLG*, *FGB*, agus *GGBC* (1960/1999) le chéile in ainneoin iad uilig a bheith ag maíomh go léiríonn siad rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil.³⁵

Is dóigh liom go gcaithfear aontú le tuairim an teangeolaí Einar Haugen maidir le hathrú an noirm scríofa. Is éard a dúirt Haugen:

It may be better to bend than to break. Acceptance of useful convergence between codes is better than a total rejection of the mother tongue, which is likely to result if one always and everywhere insists on rigid rhetorical norms of the academicians.³⁶

Is léir ó na foráis a tugadh thuas gur i dtreo comhtháthaithe atáthar ag dul maidir leis na cineálacha Gaeilge atá á labhairt sa lá atá inniu ann. Go deimhin, tá an méid seo ráite ag teangeolaithe eile Gaeilge cheana féin. Deir Ó Murchú:

In the last generation or so, the pattern of bilingualism found among the urban elite has been extending to the Gaeltacht. Gaeltacht leadership now forms a social continuum with the Irish-speaking networks in the rest of the country. English as well as Irish is increasingly felt appropriate to all settings in the Gaeltacht also and, in matters of accent and usage the two groups are converging rapidly. ... The older elaborate Irish speech forms are thus being replaced among younger speakers, either by an impoverished variety in a pattern of diagonal bilingualism, or by a modern koine, the features of which in lexicon and to some extent in grammar are now increasingly being defined by elite urban groups.³⁷

Céard ba cheart a dhéanamh? Is éard a chaithfear a dhéanamh, dar liomsa, cur go ginearálta le pleanáil na teanga, ní hamháin sa Ghaeltacht ach sa tír trí chéile, ach go gcaithfear bonn ceart a chur

35. Ní bhaineann sé le hábhar an ailt seo plé a dhéanamh ar na cásanna nach dtagann na leabhair seo le chéile ach tá mé ag obair ar alt eile ina bpléifear an t-ábhar seo go mion.

36. Haugen arna lua in Maguire (1991) 191.

37. Ó Murchú (1988) 248-9. Féach freisin de Bhaldráithe (1993) 26.

faoin bpleanáil seo. Tá na heagraíochtaí oifigiúla atá ag plé le gnéithe difriúla de chothú agus de phleanáil na Gaeilge faoi láthair – cuirim i gcás, An Gúm; An Buanchoiste Téarmaíochta; Ranna Gaeilge na gColáistí Tríú Léibhéal; Rannóg an Aistriúcháin; Institiúid Teangeolaíochta Éireann; Scoil an Léinn Cheiltigh, Acadamh Ríoga na hÉireann, Brainse na Logainmneacha, Foras na Gaeilge srl. – tá na heagraíochtaí seo ag obair astu féin, cuid mhaith. Ní mór – d'acadamh **amháin** – a mbeadh bonn dlíthiúil faoi – a bheith ag plé le cothú is le pleanáil na Gaeilge. Mholfainn féin go mbeadh ball áirithe nó baill áirithe de na hinstiúidí thuasluaite mar aon le daoine eile – iriseoirí, scríbhneoirí, múinteoirí srl. páirteach san obair. Má bhreathnaítear ar theangacha eile na hEorpa feicfeadh nach ndéantar neamart ina leithéid. Ní gá ach cuimhneamh ar an 'Academie française' nó ar an 'Institut für deutsche Sprache' le go dtuigfeadh go n-aithnítear go bhfuil gá ann lena leithéid. Tá a fhios agam go rímhaith gur moladh a leithéid d'acadamh a bhunú cheana – agus go ndearnadh é seo ar a laghad dhá uair – c.1904³⁸ agus arís 1946,³⁹ ach is práinní inniu ná riamh é.

Maidir le leasú an Chaighdeán Oifigiúil is é an moladh a bheadh agamsa gur cheart do bhaill an acadaimh nua breathnú siar ar shárphasach ár sinsear maidir le pleanáil na teanga Gaeilge: breathnú siar ar leagan síos chaighdeán na Gaeilge Clasaicí a cuireadh le chéile ag deireadh ré na Meán-Ghaeilge ag deireadh na dara haoise déag. Ní gá ach breathnú ar an gcuntas máistriúil a thug Brian Ó Cuív (Ó Cuív (1973)) agus é ag cur síos ar na cúrsaí seo le go dtuigfidh muid gur mar a chéile cuid mhaith de chúinsí teanga an lae úd agus cúinsí teanga an lae inniu. Deir Ó Cuív:

Here, in brief, was the situation which confronted the poets at the time. The language which had been in use for literary purposes was becoming more and more out of touch with the spoken language, and accordingly less intelligible generally and less acceptable to those who were in a position to call the tune.⁴⁰

Maidir lenar chuir na filí i gcrích agus maidir lena gcur chuige tá an méid seo le rá aige san áit chéanna:

38. Bergin (1923) 35.

39. Ó Riain (1994) 190.

40. Ó Cuív (1973) 130.

But what was achieved in the second half of the twelfth century was something quite radical: the formal adoption of vernacular speech as the basis for the new literary language.

Tugann Ó Cuív cur síos dúinn ar shé eilimint, dar leis, as ar fáisc-eadh an teanga liteartha a cruthaíodh an uair úd. Ní miste iad a lua anseo arís le go bhfeicfí cé chomh feiliúnach a bheadh gach uile cheann acu do phleanáil teanga an lae inniu:

1. A large residuum of the older language surviving in all areas in modern form (i.e. allowing for phonetic changes etc.),
2. Variant forms which had been in use in the language for some considerable time and which were retained either generally or regionally in the modern language,
3. Modern speech-forms in general use, adopted to the exclusion, or near exclusion, of the corresponding old forms where such forms had existed,
4. Modern speech-forms, possibly in use at local level only, adopted beside surviving old forms,
5. Modern speech-forms showing variation, possibly reflecting regional differences, adopted to the exclusion of the corresponding old forms where such forms had existed,
6. An archaic element consisting of forms which, being either obsolete or obsolescent, were not normal in the ordinary language.⁴¹

Déanann Ó Cuív tagairt chomh maith do dhá théarma thábhachtacha den phleanáil teanga ar baineadh leas astu an uair úd, téarmaí a bhféadfaí an-fheidhm a bhaint astu arís i bpleanáil teanga an lae inniu: *canamhain* agus *lochtach*. Seo mar a chuireann Ó Cuív síos ar an gcéad cheann acu:

It is the term *canamhain*, whose modern equivalent we use with reference to 'dialect' and which in origin is a form of *canaim* 'I sing, I utter'. The finite verb is found in the phrase *lochtach ó nach cantar é* 'faulty because it is not said', and the associated word *canamhain* means something like 'anomalous form which has the sanction of usage'. The term 'unhistoric form' suggests itself, but it does not suit exactly, for

41. Ó Cuív (1973) 131.

some of the forms described as *canamhain* are regular reflexes normal in Old Irish.⁴²

Maidir leis an téarma eile is éard a deir Ó Cuív:

... forms which are proscribed as *lochtach* 'faulty', but which clearly existed outside the literary standard.⁴³

Deir sé arís ina dtaobh:

... the *lochtach* forms were, for the most part, ones which were developed or became general within the Early Modern Irish period itself and which were therefore too recent to be accepted into the official 'canon'.⁴⁴

Tuigim go maith nach bhfeileann gach uile ghné de chur chuige na bhfilí do chur chuige an lae inniu – admhaím gurbh fhusa, b'fhéidir, cás na bhfilí ó tharla go raibh seasamh na Gaeilge i bhfad ní b'fhéarr an uair úd agus nár ghá ach an oiread mórán airde a thabhairt ar mhórhionchar teangacha eile, murab ionann agus cás an lae inniu. Fós féin, dá leanfaí de mhodhanna na bhfilí is cinnte go bhféadfaí graiméar cuimsitheach theanga an lae inniu a chur ar fáil. Bheadh sé de bhuntáiste ag an ngraiméar seo go bhfaighfí ann ní hamháin an norm ach – i gcead do *GGLG* 'ceartfhoirmeacha eile' – agus anuas orthu seo foirmeacha nach mbeadh glacadh leo. Déarfainn go mbeidh sliocht ár sleachta – na teangeolaithe ina measc, ach go háirithe – buíoch beannachtach dinn as ucht na bhfoirmeacha 'lochtacha' seo a chur ar fáil freisin. Ar an mbealach seo beidh a fhios acu láithreach bonn cé na nuafhoirmeacha a bhí tar éis teacht chun cinn lenár linnse. Is dóigh liomsa go bhféadfaí na foráis i réimse na fóineolaíochta, na deilbhíochta, agus na comhréire a chur san áireamh i ngraiméar den sórt seo. Feictear dom gur i réimse na séimeantaice a bheadh na fadhbanna is mó le sárú – cé mar is cóir, mar shampla, caitheamh le cora cainte an Bhéarla a bheith ann in áit chora cainte na Gaeilge?⁴⁵

42. Ó Cuív (1973) 137.

43. Ó Cuív (1973) 137-8.

44. Ó Cuív (1973) 138, fonóta 72.

45. Maidir le cumadh na nuathearmaíochta de réir nádúr na teanga agus na deacrachtaí a chruthaítear nuair nach ndéantar amhlaidh féach Greene (1966) 30-1: 'The formation of neologisms in Irish is more than usually difficult. ... A linguistic

Is dóigh liom féin go gcaithfí a bheith níos daingne sa réimse seo ná sna réimsí eile.

Tá moltaí áirithe déanta agam – luaigh mé cur chuige fhilí na Gaeilge Clasaicí. Tá mo chuid ama istigh agus leanfaidh mé de nós eile de chuid na bhfilí úd – tabharfaidh mé an dúnadh orm: ligfidh mé do Dhónall Mac Amhlaigh labhairt in athuair – tráthúil go leor is píosa é seo a scríobhadh dhá bhliain agus ceathracha cothrom an lae seo.⁴⁶

Ag léamh *Fód a' Bháis* san oíche. Is iontach chomh glan is atá an Ghaeilge ag 'Máire', fiú amháin gur le Gaeilge a tógadh é. Tá roinnt mhaith údar ar an gcaoi chéanna, leithéidí Mháirtín Uí Chadhain agus Phádraig Óig Uí Chonaire, gan ach beirt a lua; ach tá cuimse eile acu nach bhfuil saor ón mBéarlachas ina gcuid scríbhneoireachta. Dar ndóigh, tá sé le tuiscint go gcaithfidh a bheag nó a mhór de thionchar a bheith ag an mBéarla ar an nGaeilge, mar gheall ar iad a bheith ag coimhlint le chéile agus ag teagmháil le chéile ó aimsir Strongbow anuas. Tá a séala féin fágtha ag an nGaeilge go daingean docht ar Bhéarla na hÉireann. Ach le bheith ag léamh cuid den Ghaeilge a scríobhtar sa lá atá inniu ann, ní bheadh a fhios agat nach mbíonn an scríbhneoir ar a dhícheall ag iarraidh lomaistriú a dhéanamh ó Bhéarla go Gaeilge, focal ar fhocal. Go deimhin is go dearfa, ní agamsa atá aon chead cainte, tá mé chomh dona chuige sin le fear ar bith.

Ní hé sin amháin ach tá mé in amhras an bhféadfadh Gaeilgeoir ar bith a chuid Gaeilge a choinneáil glan ó rian an Bhéarla má bhíonn air a shaol a chaitheamh i measc Béarlóirí. Tá téarmaí agus samhlaoidí an Bhéarla ag síorghoilliúint ar an nglan-Ghaeilge, agus á truailliú, agus níorbh fholáir duit bheith san airdeall i gcónaí le nach millfí an tseanteanga ort.⁴⁷

academy such as exists for Hebrew would no doubt have been able to lay down principles for forming neologisms in accordance with the genius of the language, and therefore acceptable to the average speaker; since no such guidance was available, there has been a tendency to form compounds on the English pattern ..., but these have the weakness of sounding both clumsy and artificial to the Irish ear, and therefore no more attractive than the English words from which they are formed.'

46. Tugadh an léacht ar bunaíodh an t-alt seo air an 1 Aibreán 2000.

47. Mac Amhlaigh (1970³) 149.

Noda:

- FGB Ó Dónaill, Niall (1977) [1978]
 GGBC *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*. (1960)/ (1999)
 GGLG Rannóg an Aistriúcháin (1958)
 GGRA Rannóg an Aistriúcháin (1953)
 SMN Pedersen/ Munch-Pedersen (1994)

Tagairtí:

- Becker, Heinrich (1997) *Im Béal na Farraige: Scéalta agus Seanchas faoi Chúrsaí Feamainne ó Bhéal na nDaoine*. Cló Iar-Chonnachta: Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
 Bentzen, Ruth [eag.] (1994) *Ung Sprogforsker på Rejse: Brev fra og til Holger Pedersen 1892-1896*. København: Det Kongelige Bibliotek/ Museum Tusulanums Forlag. [Danish Humanist Texts and Studies, Vol 7. Edited by Erland Kolding Nielsen].
 Bergin, Osborn (1923) Comments on Lehmann (1923) *Studies* 12, 34-36.
 de Bhaldraithe, Tomás (1975³) *The Irish of Cois Fhairrge: A Phonetic Study*. Dublin Institute for Advanced Studies: Dublin.
 de Bhaldraithe, Tomás (1993) 'Nóitní ar Staid Inmheánach na Teanga' *Teangeolas* 32, 25-28.
 Dillon, Myles (1939) 'An Aran Folktale' *Éigse* 1 (1939) 7-13; 305.
 Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí. (1960) Mac an Ghoill: Baile Átha Cliath.
 Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí. (1999) An Gúm: Baile Átha Cliath.
 Greene, David (1966) *The Irish Language*. The Three Candles Ltd., Dublin for The Cultural Relations Committee. [*Irish Life and Culture* Vol. XIV].
 Lehmann, Gustav (1923) 'Some thoughts on an Irish literary language' *Studies* 12, 26-32; 42-44.
 Lúcas, Leaslaoi U. (1986) *Cnuasach Focal as Ros Goill*. Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath.
 Mac Amhlaigh, Dónall (1970³) *Dialann Deoraí*. An Clóchomhar: Baile Átha Cliath.
 Maguire, Gabrielle (1991) *Our Own Language: an Irish Initiative*. Multilingual Matters: Clevedon/ Philadelphia/ Adelaide, 162-228.
 Maguire, Gabrielle (1992) 'Resilience and Versatility in an Urban Gaeltacht' in Dónall P. Ó Baoill [eag.] *Insealbhú na Gaeilge mar Chéad Teanga/ Acquisition of Irish as a First Language*. IRAAL: Baile Átha Cliath, 43-53.
 Ó Baoill, Dónall P./ Ó Tuathail, Éamonn (1992) *Úrchúrsa Gaeilge*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann: Baile Átha Cliath.
 Ó Baoill, Dónall P. (1996) 'The Dialects of North-West Donegal' *Scéala Scoil an Léinn Cheiltigh* 9, 33-37.
 Ó Catháin, Brian (1990) *Cuntas Sioncrónach ar Mhoirfeolaíocht an Bhriathair i nGaeilge Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe*. Tráchtas neamhfhoilsithe M.A.: Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

- Ó Catháin, Brian (1995) *Scéalta Joe Mháirtín Uí Fhlaithearta: Teanga agus Béaloideas Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe*. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D.: Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
 Ó Cuív, Brian (1973) 'The Linguistic Training of the Mediaeval Irish Poet' *Celtica* 10, 114-140.
 Ó Cuív, Brian (1980) 'The Verbal Ending -ÁIL and Related Forms' *Celtica* 13, 125-145.
 Ó Direáin, Máirtín (1971³) *Feamainn Bhealtaine*. An Clóchomhar: Baile Átha Cliath.
 Ó Dónaill, Niall (1977) [1978] *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.
 Ó Murchú, Máirtín (1988) 'Diglossia and Interlanguage Contact in Ireland' *Language, Culture and Curriculum* 1 (3), 243-9.
 Ó Murchú, Séamas (1998) *An Teanga Bheo: Gaeilge Chonamara*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann: Baile Átha Cliath.
 O'Rahilly, T. F. (1921-3) 'The Vocative in Modern Irish' *Ériu* 9, 85-91.
 Ó Riain, Seán (1994) *Pleanáil Teanga in Éirinn: 1919-1985*. Carbad/ Bord na Gaeilge: Baile Átha Cliath.
 Ó Sé, Diarmuid (1995) *An Teanga Bheo: Corca Dhuibhne*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann: Baile Átha Cliath.
 Ó Siadhail, Mícheál (1979) 'Roinnt Athrúintí Suntasacha i gCanúint Chonallach' *Ériu* 30, 142-147.
 Ó Siadhail, Mícheál (1983) 'The Erosion of the Copula in Modern Irish Dialects' *Celtica* 15, 117-127.
 Ó Tuama, Diarmuid (1990) *Téacs Gaelscoile: Sleachta Próis agus Cleachtaí Gramadaí do Dhaltai Gaelscoile*. Tráchtas neamhfhoilsithe M.A.: Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.
 Pedersen, Holger (1897) *Aspirationen i Irsk*. M. Spürgatis: Leipzig.
 Pedersen, Holger (1909) *Vergleichende Grammatik der keltischen Sprachen*. Band I. Vandenhoeck und Ruprecht: Göttingen.
 Pedersen, Holger/ Munch-Pedersen, Ole (1994) *Scéalta Mháirtín Neile: Bailiúchán Scéalta ó Árann*. Comhairle Bhéaloideas Éireann: Baile Átha Cliath.
 Rannóg an Aistriúcháin (1953) *Gramadach na Gaeilge: Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.
 Rannóg an Aistriúcháin (1958) *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.
 The Christian Brothers (1980) *New Irish Grammar*. C. J. Fallon: Dublin.
 Stockman, Gearóid (1996) *Cruinneas Gramadaí agus Corrfhocal Eile*. Lagan Press: Belfast.
 Ua Súilleabháin, Seán (1994) 'Gaeilge na Mumhan' in Kim McCone *et al.* [eag.] *Stair na Gaeilge*. Roinn na Sean-Ghaeilge: Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, 479-538.
 Wagner, Heinrich (1959) *Gaeilge Theilinn*. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath: Baile Átha Cliath.